

Bata is bóthar tugtha do dhochtúir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi dhochtúir a fostaíodh, ach nach raibh cumasach go leor don phost. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. iniúchadh	a. reference / recommendation
2. fianaise	b. induction training
3. máinlia	c. on suspension/ suspended
4. ar fionraí	d. investigation
5. cáilithe	e. evidence
6. dochtúir comhairleach	f. medical tests
7. teistiméireacht	g. human resources manager
8. a sciúradh	h. surgeon
9. tástálacha leighis	i. qualified
10. bainisteoir acmhainní daonna	j. consultant
11. traenáil insealbhaithe	k. to scrub

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail seo a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus ceangal an t-eolas ar chlé leis an eolas ceart ar dheis.

- Tugadh fianaise...	- ...in Ospidéal na Leanaí Chromghlinn ar an 14 de mhí Eanáir 2013.
- Fostaíodh é...	- ...nótaí a bhreacadh ar chairteacha othar nó tástálacha leighis a ordú.
- Léirigh a C.V. go raibh sé cáilithe, go raibh a chuid teistiméireachtaí agus cáipéisí in ord...	- ...cé gur tugadh fógra dó go mbeadh an fiosrúchán ar siúl.
- Bhí deacrachtaí aige...	- ...agus fostaíodh é dá bhrí sin.
- Dúradh freisin nach raibh sé in ann...	- ...tar éis 10 lá oibre.
- Cuireadh ar fionraí é...	- ...ar an Dr Anton nuair a fostaíodh é.
- Cuireadh dhá leathlá de thraenáil insealbhaithe...	- ...nuair a chuirtear faoi agallamh anois é.
- Caithfidh an t-iarrthóir a bheith le feiceáil...	- ...nach raibh máinlia ón Rómáin in ann obair bhunúsach a dhéanamh.
- Ní raibh an dochtúir i láthair inniu...	- é féin a sciúradh agus a ghúna/lámhainní máinliachta a chaitheamh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís gan féachaint ar aon nótaí. An dtuigeann tú níos fearr í?


Ceist 4 Cuir na focail chuí ón gciorca faoi na habairtí cearta.

Focail bhaininscneacha

- ✓ Focail a chríochnaíonn le consan caol:
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –lann:
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –eog / -óg:
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –chan:
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:

Focail fhirinscneacha

- ✓ Focail a chríochnaíonn le consan leathan:
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –ín (agus an chiall ‘beag’ i gceist, de ghnáth)
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –éir, -eoir, -óir, -úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth:
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu:



Cuir na focail seo, a bhí sa mhír, faoi na pointí cearta thuas:

máinlia, obair, dochtúir, ospidéal, agallamh, teileafón, fiosrúchán, post, otharlann, teistiméireacht, cáipéis, deacracht, obráid, tástáil, traenáil, iarrthóir, comhfhreagras

Ceist 5 ‘...anuraidh...’

Cuir na focail seo thíos, a bhaineann le tréimhse ama, in abairtí lena mbrí a léiriú:

- an bhliain seo caite
- amach anseo
- arú amárach
- coicís

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An raibh an scéal ar eolas agat, nó aon scéal eile cosúil leis?
2. An bhfuil muinín agat as an gcóras sláinte in Éirinn? Cén fáth?
3. Is minic a bhíonn fadhbanna cumarsáide ag eachtrannaigh a thagann go hÉirinn. Cad a dhéanfa féin chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
d	e	h	c	i	j	a	k	f	g	b

Ceist 2

- Tugadh fianaise...	- ...nach raibh máinlia ón Rómáin in ann obair bhunúsach a dhéanamh.
- Fostaíodh é...	- ...in Ospidéal na Leanaí Chromghlinn ar an 14 de mhí Eanáir 2013.
- Léirigh a C.V. go raibh sé cáilithe, go raibh a chuid teistiméireachtaí agus cáipéisí in ord...	- ...agus fostaíodh é dá bhrí sin.
- Bhí deacrachtaí aige...	- é féin a sciúradh agus a ghúna/lámhainní máinliachta a chaitheamh.
- Dúradh freisin nach raibh sé in ann...	- ...nótaí a bhreacadh ar chairteacha othar nó tástálacha leighis a ordú.
- Cuireadh ar fionraí é...	- ...tar éis 10 lá oibre.
- Cuireadh dhá leathlá de thraenáil insealbhaithe ar...	- ...an Dr Anton nuair a fostaíodh é.
- Caithfidh an t-iarrthóir a bheith le feiceáil...	- ...nuair a chuirtear faoi agallamh anois é.
- Ní raibh an dochtúir i láthair inniu...	- ...cé gur tugadh fógra dó go mbeadh an fiosrúchán ar siúl.

Ceist 3

Bíodh plé oscailte agat leis an rang faoin méid a thuigeann siad agus cad a chuidíonn leo tuairiscí ar nós an chinn seo a thuiscint.

Ceist 4

Focail bhaininscneacha

- ✓ Focail a chríochnaíonn le consan caol:
peil (obair, cáipéis, obráid, tástáil, traenáil)
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –lann:
dánlann (otharlann)
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –eog / -óg:
fuinneog
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:
filíocht, seandálaíocht
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –chan:
beochan
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu:
gluaiseacht (teistiméireacht, deacracht)

Focail fhirinscneacha

- ✓ Focail a chríochnaíonn le consan leathan:
Gluaisteán, leabhar (ospidéal, agallamh, teileafón, fiosrúchán, post, comhfhreagras)
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –ín, nuair is ‘níos lú’ atá i gceist:
cailín

VIFAX 14 Deireadh Fómhair 2014

Bunleibhéal

- ✓ Focail a chríochnaíonn le –éir, -eoir, -óir, -úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth:
léachtóir (dochtúir, iarrthóir)
- ✓ Focail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu:
ceacht

Ceist 5

- an bhliain seo caite – last year (Chuaigh mé go dtí an Spáinn ar laethanta saoire an bhliain seo caite)
- amach anseo – in the future (Ba mhaith liom pósadh amach anseo)
- arú amárach (Déanfaidh mé é arú amárach)
- coicís (Chaith mé coicís ag obair ar an aiste sin)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Ag iniúchadh de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis tugadh fianaise nach raibh máinlia as an Rómáin in ann obair bhunúsach dochtúra a dhéanamh. Fostaíodh an dochtúir Mihai Anton in Ospidéal na Leanaí i gCromghlinn anuraidh i ndiaidh dó agallamh ar an teileafón a dhéanamh. Cuireadh ar fionraí é tar éis deich lá oibre.

Sorcha Ní Mhonacháin

Shoiléirigh an fiosrúchán inniu go ndearna an dochtúir Mihai Anton iarratas ar phost in Otharlann Chromghlinne i ndeireadh 2012. Léirigh a *Curriculum Vitae* go raibh sé cáilithe sa Rómáin mar dhochtúir comhairleach. Chuir sé na teistiméireachtaí agus na cáipéisí cuí ar fáil, agus ceapadh é ar an 14 d'Eanáir 2013. Chualathas go raibh fadhbanna ag baint lena chuid oibre ón chéad lá. Bhí deacrachtaí aige é féin a sciúradh roimh a obráidí, agus gúna agus lámhainní máinliachta a chur air féin. Dúradh nach raibh ar a chumas nótaí a bhreacadh ar chairteacha othar agus nár thuig sé tástálacha leighis a iarradh air a ordú. Cuireadh ar fionraí as an otharlann é i ndiaidh deich lá oibre.

Mhínigh Joan Troy, bainisteoir acmhainní daonna in Otharlann Chromghlinn, don fhiosrúchán inniu go ndearnadh an t-agallamh ar an ghuthán le riar don dochtúir Anton a bhí sa Rómáin ag an am. Dúirt sí gur cuireadh dhá leathlá de thraenáil insealbhaithe air nuair a thosaigh sé. Dúirt sí nach raibh aon traenáil insealbhaithe ar bith ar leith ann do dhochtúirí ón iasacht. Dúirt sí go bhfuil an córas agallaimh athraithe ó shin. Caithfidh an t-iarrthóir a bheith le feiceáil anois nuair a chuirtear faoi agallamh é.

Ní raibh an dochtúir Anton i láthair inniu, ainneoin gur tugadh fógra dó go mbeadh an fiosrúchán ag tarlú. Dúirt sé i gcomhfhreagras nach raibh ráiteas ar bith le déanamh aige faoina chuid oibre in Éirinn. Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.